

Eleathanach296

Dé Luain 28 Bealtaine 2018

Britain's Got Talent: Seachtain ghnóthach ag teacht!

Beidh na babhtá leathcheannais den chlár *Britain's Got Talent* ar siúl i rith na seachtaine. Roghnaigh na moltóirí níos mó ná 180 duine sna babhtá go dtí seo agus ansin bhí orthu 40 duine a roghnú ón ngrúpa mór sin.

Ní raibh an cinneadh éasca, ach roghnaigh siad an sagart, an tAthair Ray Kelly, ó Chontae na Mí, i measc an 40 sin. Chan sé an t-amhrán *Everybody Hurts* ar an gclár cúpla seachtain ó shin agus thaitin sé go mór leis na moltóirí.

Má éiríonn leis an sagart sa bhabhta leathcheannais, beidh sé ag canadh sa bhabhta ceannais Dé Domhnaigh seo chugainn.

I rith na seachtaine, beidh deis ag an lucht féachana vóta a chaitheamh don duine nó don ghrúpa is mó a thaitníonn leo. Gheobhaidh duine amháin nó grúpa amháin an méid is mó vótaí agus beidh áit acu sa bhabhta ceannais. Ansin beidh deis ag na moltóirí rogha a dhéanamh idir iad siúd sa dara agus sa tríú háit.



Cúl báire an-bhrónach tar éis an chluiche

Is é Loris Karius an cúl báire atá ag foireann sacair *Liverpool*. Bhí an fhoireann ag imirt sa chluiche ceannais de Shraith na gCuradh ag an deireadh seachtaine. Bhí siad ag imirt i gcoinne *Real Madrid*.

Rinne Karius dhá bhotún sa chluiche. An chéad uair chaith sé an liathróid go himreoir *Real Madrid* agus fuair an t-imreoir cúl. An dara huair, thug Gareth Bale cic don liathróid agus shleamhnaigh sí trí lámha Karius, isteach sa chúl. Chaill *Liverpool* an cluiche leis an scor *Real Madrid* 3; *Liverpool* 1.

Bhí an-bhrón ar Karius agus ghabh sé leithscéal le lucht tacaíochta *Liverpool*.

Bhuaigh *Real Madrid* Sraith na gCuradh don cheathrú huair le cúig bliana anuas.



Bua ag Ceatharlach sa tSraith CLG

Bhí a lán cluichí peile agus iománaíochta ar siúl ag an deireadh seachtaine. I gCúige Laighean, bhí Cill Dara agus Ceatharlach ag imirt i gcoinne a chéile.

Cheap daoine roimh an gcluiche go mbeadh an bua ag Cill Dara, ach ní mar sin a bhí. Bhuaigh Ceatharlach an cluiche leis an scór Cill Dara 1-10; Ceatharlach 2-14.

Is é seo an chéad uair a bhí an bua ag Ceatharlach ar Chill Dara sa chraobh ó 1953. Beidh siad ag imirt i gcoinne Chontae Laoise sa bhabhta leathcheannais den chraobh i gCúige Laighean ar an 10 Meitheamh.

